RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1420 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Lúnasa 2021

lena ndéantar asbhaintí ó chuótaí iascaireachta atá ar fáil le haghaidh stoic áirithe in 2021 de dheasca na ró-iascaireachta sna blianta roimhe sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 105(1), (2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh cuótaí iascaireachta le haghaidh na bliana 2020 leis na rialacháin seo a leanas:

— Rialachán (AE) 2018/2025 ón gComhairle ([2]),

— Rialachán (AE) 2019/1838 ón gComhairle ([3]),

— Rialachán (AE) 2019/2236 ón gComhairle ([4]), agus

— Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle ([5]).

(2) Bunaíodh cuótaí iascaireachta le haghaidh na bliana 2021 leis na rialacháin seo a leanas:

— Rialachán (AE) 2020/1579 ón gComhairle ([6]),

— Rialachán (AE) 2021/90 ón gComhairle ([7]),

— Rialachán (AE) 2021/91 ón gComhairle ([8]), agus

— Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle ([9]).

(3) De bhun Airteagal 105(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, i gcás inar shuigh an Coimisiún gur sháraigh Ballstát na cuótaí iascaireachta a leithdháileadh chuige, déanfaidh an Coimisiún asbhaintí ó chuótaí a leithdháilfear sa todhchaí chuig an mBallstát sin.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2018/2025 ón gComhairle an 17 Nollaig 2018 lena socraítear le haghaidh 2019 agus 2020 na deiseanna iascaireachta i leith stoic áirithe éisc dhomhainfharraige do shoithí iascaireachta an Aontais (IO L 325, 20.12.2018, lch. 7).

([3]) Rialachán (AE) 2019/1838 ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2019, lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/124 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile (IO L 281, 31.10.2019, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) 2019/2236 ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L 336, 30.12.2019, lch. 14).

([5]) Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle an 27 Eanáir 2020 lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 25, 30.1.2020, lch. 1).

([6]) Rialachán (AE) 2020/1579 ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2020 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/123 maidir le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile (IO L 362, 30.10.2020, lch. 3).

([7]) Rialachán (AE) 2021/90 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L 31, 29.1.2021, lch. 1).

([8]) Rialachán (AE) 2021/91 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear, le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022, na deiseanna iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais maidir le stoic éisc dhomhainfharraige áirithe (IO L 31, 29.1.2021, lch. 20).

([9]) Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 29.1.2021, lch. 31).

(4) Foráiltear le hAirteagal 105(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 nach mór na hasbhaintí sin a dhéanamh sa bhliain nó sna blianta dár gcionn trí na fachtóirí iolraithe faoi seach a chur i bhfeidhm de réir mar a leagtar amach ann.

(5) Sháraigh Ballstáit áirithe a gcuótaí iascaireachta le haghaidh na bliana 2020. Is iomchuí, dá bhrí sin, asbhaintí a dhéanamh ó na cuótaí iascaireachta arna leithdháileadh chucu in 2021 agus, i gcás inarb ábhartha, sna blianta ina dhiaidh sin, maidir leis na stoic a ndearnadh ró-iascaireacht orthu.

(6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1247 ón gCoimisiún ([10]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2006 ón gCoimisiún ([11]), leagadh amach asbhaintí ó chuótaí iascaireachta maidir le Ballstáit agus speicis áirithe le haghaidh 2020. I gcás Ballstáit áirithe, áfach, b'airde na hasbhaintí a bhí le cur i bhfeidhm maidir le speicis áirithe ná na cuótaí a bhain leis na speicis chéanna a bhí ar fáil in 2020 agus dá bhrí sin, ní fhéadfaí iad a dhéanamh ina n-iomláine sa bhliain sin. Chun a áirithiú, i gcásanna den sórt sin, go ndéantar méid iomlán na stoc lena mbaineann a asbhaint, ba cheart na cainníochtaí atá fágtha a chur san áireamh agus asbhaintí á leagan síos le haghaidh 2021 agus, i gcás inarb iomchuí, ó chuótaí ina dhiaidh sin.

(7) In 2019 chuaigh an Phortaingéil thar a cuóta maidir le tuinníní bána san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5° T (ALB/AN05N). An asbhaint a d'eascraigh as an ró-iascaireacht sin, arb asbhaint í de 1 271,026 tona, bhí sí infheidhme in 2020. Arna iarraidh don Phortaingéil, roinneadh an asbhaint chomhfhreagrach go cothrom thar 2 bhliain (2020 agus 2021). Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1247, rinneadh an chéad leath den asbhaint, eadhon 635,513 tona ar chuóta 2020 na Portaingéile. Dá bhrí sin, ba cheart an chainníocht atá fágtha, is é sin 635,513 tona, a asbhaint ó chuóta na Portaingéile le haghaidh 2021.

(8) A mhéid a bhaineann le corra gainimh i ranna 2a, 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES, ós rud é go ndearna an Danmhairg ró-iascaireacht ar a gabhálacha iomlána incheadaithe in uiscí an Aontais i limistéar bainistíochta 2r mar a shainítear in Iarscríbhinn III de Rialachán (AE) 2020/123 in 2020, ceanglaítear uirthi asbhaintí a dhéanamh. In 2021 ceadaíodh líon an-bheag gabhálacha corr ghainimh sna huiscí sin chun faireachán a dhéanamh ar fhlúirse na coirre gainimh. Mar sin féin, maidir leis na hasbhaintí sin, ní féidir an córas faireacháin ([12]) a choinneáil ar bun leo, ar córas é a mhol an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) chun corra gainimh a bhainistiú. Dá bhrí sin, asbhaintí le haghaidh na gcuótaí a ndearna an Danmhairg ró-iascaireacht orthu i limistéar bainistíochta 2r in 2020, ba cheart na hasbhaintí sin a dhéanamh ó limistéar bainistíochta corr gainimh 3r in 2021.

(9) Asbhaintí ó chuótaí iascaireachta, dá bhforáiltear leis an Rialachán seo, ba cheart feidhm a bheith acu gan dochar do na hasbhaintí is infheidhme maidir le cuótaí 2021 na Spáinne de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 ón gCoimisiún ([13]).

(10) Ós rud é go sloinntear cuótaí i dtona, níor cheart ró-iascaireacht de chainníochtaí is lú ná 1 tona amháin a chur san áireamh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Maidir leis na cuótaí iascaireachta a shocraítear le Rialacháin (AE) 2020/1579, (AE) 2021/90, (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 le haghaidh 2021, laghdófar iad mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Beidh feidhm ag mír 1 gan dochar d'asbhaintí dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1247 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2020 lena ndéantar asbhaintí ó chuótaí iascaireachta atá ar fáil le haghaidh stoic áirithe in 2020 de dheasca na ró-iascaireachta sna blianta roimhe sin (IO L 288, 3.9.2020, lch. 21).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2006 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2020 lena ndéantar asbhaintí ó chuótaí iascaireachta atá ar fáil le haghaidh stoic áirithe in 2020 de dheasca ró-iascaireacht ar stoic eile sna blianta roimhe sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1247 (IO L 414, 9.12.2020, lch. 1).

([12]) ICES. 2021. An chorr ghainimh (*Ammodytes* spp.) i ranna 4.b–c agus i bhForoinn 20, Limistéar Corr Gainimh 2r (lár agus deisceart na Mara Thuaidh). *In* Report of the ICES Advisory Committee [Tuarascáil ó Choiste Comhairleach ICES], 2021. Comhairle ó ICES 2021, san.sa.2r, https://doi.org/10.17895/ices.advice.7673.

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 185/2013 ón gCoimisiún an 5 Márta 2013 lena bhforáiltear maidir le hasbhaintí ó chuótaí iascaireachta áirithe arna leithdháileadh ar an Spáinn in 2013 agus sna blianta ina dhiaidh sin de dheasca ró-iascaireacht ar chuóta áirithe ronnaigh in 2009 (IO L 62, 6.3.2013, lch. 1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

ASBHAINTÍ Ó CHUÓTAÍ IASCAIREACHTA NA BLIANA 2021 I LEITH STOIC A nDEARNADH RÓ-IASCAIREACHT ORTHU

Ball-stát	Cód speicis	Cód an limistéir	Ainm an speicis	Ainm an limistéir	Cuóta tosaigh 2020 (i gcileagraim)	Gabhálacha arna gceadú 2020 (Cainníocht iomlán arna hoiriúnú i gcileagraim) [1]	Gabhálacha iomlána 2020 (cainníocht i gcileagraim)	Ídiú cuóta i gcomparáid leis na gabhálacha arna gceadú	Ró-iascaireacht i gcomparáid leis na gabhálacha arna gceadú (cainníocht i gcileagraim)	Fachtóir iolraithe [2]	Fachtóir iolraithe breise [3], [4]	Asbhaintí nach ndearnadh ó bhliain/ bhlianta roimhe [5] (cainníochtaí i gcileagraim)	Asbhaintí le cur i bhfeidhm in 2021 (cainníocht i gcileagraim)
DE	HER	4AB.	An scadán	Uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua in 4 lastuaidh de 53° 30′ T	39 404 000	18 997 930	20 355 612	107,15 %	1 357 682	/	/	/	1 357 682
DE	MAC	2CX14-	An ronnach	6, 7, 8a, 8b, 8d agus 8e; Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; uiscí idirnáisiúnta in 2a, 12 agus 14	23 416 000	21 146 443	22 858 079	108,09 %	1 711 636	/	/	/	1 711 636
DK	COD	1N2AB.	An trosc	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	/	1 606	Ní bhaineann le hábhar	1 606	1,00	/	/	1 606
DK	DGS	15X14	An fíogach gobach	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 1, 5, 6, 7, 8, 12 agus 14	/	/	4 718	Ní bhaineann le hábhar	4 718	1,00	/	/	4 718
DK	HER	03A.	An scadán	3a	10 309 000	7 482 731	7 697 049	102,86 %	214 318	/	/	/	214 318
DK	HER	4AB.	An scadán	Uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua in 4 lastuaidh de 53° 30′ T	59 468 000	75 652 933	81 089 507	107,19 %	5 436 574	/	/	/	5 436 574
DK	MAC	2A34.	An ronnach	3a agus 4; Uiscí an Aontais in 2a, 3b, 3c agus Foranna 22-32	19 998 000	17 987 493	18 625 387	103,55 %	637 894	/	/	/	637 894

DK	MAC	2A4A-N	An ronnach	Uiscí na hIorua in 2a agus 4a	14 453 000	13 507 878	13 531 201	100,17 %	23 323	/	/	/	23 323
DK	POK	1N2AB.	An liúdar	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	7 800	88 733	1 137,60 %	80 933	1,00	/	/	80 933
DK	PRA	N1GRN.	An séacla Artach	Uiscí na Graonlainne in NAFO 1	1 400 000	2 800 000	2 818 891	100,67 %	18 891	/	/	/	18 891
DK	SAN	234_2R	Corr ghainimh	Uiscí an Aontais ina bhfuil limistéar bainistíochta 2r le haghaidh corra gainimh	59 106 000	56 042 763	57 756 024	103,06 %	1 713 261 ([7])	/	/	/	1 713 261 ([7])
ES	COD	1/2B.	An trosc	1 agus 2b	11 688 000	9 576 615	9 581 250	100,05 %	4 635	/	/	/	4 635
ES	GHL	1N2AB.	An haileabó Graonlan-nach	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	/	22 402	Ní bhaineann le hábhar	22 402	1,00	A	/	33 603
ES	OTH	1N2AB.	Speicis eile	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	/	22 078	Ní bhaineann le hábhar	22 078	1,00	/	/	22 078
ES	RJU	9-C.	An roc dústríoctha	Uiscí an Aontais in 9	15 000	15 000	21 072	140,48 %	6 072	1,00	/	2 067	8 139
EE	COD	1N2AB.	An trosc	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	300 000	316 377	105,46 %	16 377	/	/	/	16 377
FR	GHL	1N2AB.	An haileabó Graonlan-nach	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	/	8 988	Ní bhaineann le hábhar	8 988	1,00	/	/	8 988
FR	NEP	08C.	Gliomach na hIorua	8c	0	0	5 342	Ní bhaineann le hábhar	5 342	1,00	/	/	5 342
FR	WHM	ATLANT	An mairlín geal Atlantach	An tAigéan Atlantach	/	/	1 225	Ní bhaineann le hábhar	1 225	1,00	C	/	2 450
IE	ALB	AN05N	Tuinnín colgach an Tuaiscirt	An tAigéan Atlantach, lastuaidh de 5° T	2 891 010	2 743 260	2 938 449	107,12 %	195 189	/	C ([6])	/	195 189
LV	HER	3D-R30	An scadán	Uiscí an Aontais i bhForanna 25-27, 28.2, 29 agus 32	4 253 000	6 135 144	6 138 817	100,06 %	3 673	/	C ([6])	/	3 673

LV	SPR	3BCD-C	An salán	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-32	29 073 000	28 618 753	28 635 182	100,06 %	16 429	/	C (6)	/	16 429
NL	HER	4AB.	An scadán	Uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua in 4 lastuaidh de 53° 30′ T	51 717 000	50 896 907	51 002 687	100,21 %	105 780	/	/	/	105 780
NL	WHB	8C3411	An faoitín gorm	8c, 9 agus 10; Uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1	/	/	12 235	Ní bhaineann le hábhar	12 235	1,00	/	/	12 235
PL	HER	1/2-	An scadán	Uiscí an Aontais, uiscí Fharó, uiscí na hIorua agus uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2	593 000	1 226 015	1 329 820	108,47 %	103 805	/	/	/	103 805
PL	MAC	2CX14-	An ronnach	6, 7, 8a, 8b, 8d agus 8e; Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; uiscí idirnáisiúnta in 2a, 12 agus 14	1 649 000	4 724 236	5 185 187	109,76 %	460 951	/	/	/	460 951
PT	ALB	AN05N	Tuinnín colgach an Tuaiscirt	An tAigéan Atlantach, lastuaidh de 5° T	2 273 970	1 638 457	1 595 315	97,37 %	-43 142 (8)	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	635 513 (9)	635 513 (9)
PT	ALF	3X14-	Alfainsíní	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 14	164 000	155 278	158 601	102,14 %	3 323	/	A (6)	/	3 323
PT	BET	ATLANT	An tuinnín mórshúileach	An tAigéan Atlantach	3 058 330	3 058 330	3 069 582	100,37 %	11 252	/	C (6)	/	11 252
PT	HKE	8C3411	An colmóir	8c, 9 agus 10; Uiscí an Aontais in CECAF 34.1.1	2 614 000	1 996 154	2 135 737	106,99 %	139 583	/	C (6)	/	139 583
PT	SWO	AS05N	An colgán	An tAigéan Atlantach, laisteas de 5° T	299 030	299 030	309 761	103,59 %	10 731	/	/	/	10 731

([1]) Cuótaí atá ar fáil do Bhallstát de bhun na Rialachán ábhartha maidir le deiseanna iascaireachta tar éis malartuithe deiseanna iascaireachta a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22), aistrithe cuótaí ó 2019 go 2020 i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle lena dtugtar isteach coinníollacha breise le haghaidh bhainistíocht TACanna agus cuótaí ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3) agus le hAirteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 nó athleithdháileadh agus asbhaint deiseanna iascaireachta i gcomhréir le hAirteagal 37 agus Airteagal 105 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

([2]) De réir mar a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Beidh feidhm ag asbhaint atá comhionann le ró-iascaireacht * 1,00 i ngach cás inar cothrom le 100 tona nó níos lú ná sin an ró-iascaireacht.

([3]) De réir mar a leagtar amach in Airteagal 105(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus ar choinníoll gur mó ná 10 % an ró-iascaireacht.

([4]) Léiríonn an litir "A" gur cuireadh fachtóir iolraithe breise 1,5 i bhfeidhm de bharr go ndearnadh ró-iascaireacht leanúnach sna blianta 2018, 2019 agus 2020. Léiríonn an litir "C" gur cuireadh fachtóir iolraithe breise 1,5 i bhfeidhm de bharr go bhfuil an stoc faoi réir plean ilbhliantúil.

([5]) Cainníochtaí atá fágtha ó bhliain/bhlianta roimhe.

([6]) Níl an fachtóir iolraithe breise infheidhme mar nach ndeachaigh an ró-iascaireacht thar 10 % de na gabhálacha arna gceadú.

([7]) Le hasbhaint ó limistéar bainistíochta corr gainimh 3r.

([8]) Ós rud é nach bhfuil Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 infheidhme maidir le stoc ALB/AN05N, ní féidir an chainníocht sin nár úsáideadh a úsáid chun an leath eile den asbhaint atá dlite in 2021 a laghdú.

([9]) Ar iarraidh sin don Phortaingéil, roinneadh an asbhaint de 1 271 026 cileagram a bhí dlite in 2020 mar gheall ar ró-iascaireacht in 2019 go cothrom thar 2 bhliain (2020 agus 2021).